Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**7947/25**

**JEUN 50**
**DISINFO 28**
**AUDIO 22**
**JAI 492**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An bhréagaisnéis, an ionramháil agus bagairtí sa chibearspás agus a dtionchar ar shaol daoine óga<br>– *Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, mar ullmhúchán don díospóireacht bheartais a thionólfar sa Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) an 12 Bealtaine 2025.

**IARSCRÍBHINN**

**'An bhréagaisnéis, an ionramháil agus bagairtí sa chibearspás agus a dtionchar ar shaol daoine óga'**

Tugann claochlú digiteach na sochaí deiseanna agus dúshláin araon do dhaoine óga. San Eoraip, tá athmhúnlú déanta ag teicneolaíochtaí digiteacha ar an gcumarsáid, ar an oideachas, ar an rochtain ar fhaisnéis agus ar rannpháirtíocht saoránach.

Cé go gcothaítear foghlaim, nascacht dhomhanda agus rannpháirtíocht i réimsí éagsúla den saol leis an dul chun cinn sin, tá rioscaí suntasacha ag baint leo freisin – go háirithe i bhfoirm bréagaisnéise, ionramháil faisnéise agus bagairtí ar líne.

Is saincheist fhorleathadach anois í an bhréagaisnéis, i.e. ábhar bréagach nó míthreorach a scaipeadh d'aon ghnó, agus cuireann ardáin ar líne go mór leis an gcorraíl. Is minic a thugann algartaim atá deartha chun rannpháirtíocht a uasmhéadú tús áite d'ábhar gáifeach thar chruinneas, rud a chothaíonn timpeallacht ina scaiptear bréaginsintí díobhálacha go tapa.

Is measa fós na dúshláin sin leis an mbeartaíocht cúbláła, mar shampla, spriocdhíriú algartamach agus bothanna macalla, mar aon leis na rioscaí a bhaineann le mí-úsáid teicneolaíochtaí intleachta saorga giniúnaí. Is minic a thagann daoine óga ar ábhar a threisíonn na tuairimí agus an chlaontacht atá acu/iontu cheana féin, rud a fhágann gur beag deis a bhíonn acu dearcthaí éagsúla a fheiceáil nó a chloisteáil. Leis an ilroinnt dhigiteach sin, spreagtar an polarú agus lagaítear an mhuinín shóisialta, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra cinnteoireacht fheasach a dhéanamh.

Baineann an treocht sin an bonn den mhuinín as institiúidí daonlathacha, rud a fhágann go bhfuil sé deacair ar dhaoine óga idirdhealú a dhéanamh idir foinsí inchreidte agus bréagábhar cúbláilte. D'fhéadfadh na hiarmhairtí a bheith tromchúiseach, ós rud é go mbíonn tionchar acu ar shaincheisteanna ríthábhachtacha, mar shampla, toghcháin, an t-athrú aeráide agus an tsláinte phoiblí, agus d'fhéadfadh díscor nó radacú ar líne teacht astu.

Chomh maith leis an mbréagaisnéis, tá méadú ag teacht ar na rioscaí a bhaineann leis an gcibearbhulaíocht, leis an bhfuathchaint agus leis an radacú ar líne do dhaoine óga. Le hanaithnideacht an idirlín, éascaítear cásanna ciaptha agus ionramhála inar beag an fhreagracht atá ar dhéantóirí na coire. Bíonn tionchar mór ag na bagairtí sin ar an meabhairshláinte, rud a chuireann le himní, dúlagar agus, i gcásanna tromchúiseacha, féindochar.

Cuireann an t-eisiamh digiteach leis an leochaileacht i leith bagairtí ar líne. Tá sé ríthábhachtach rochtain chomhionann ar acmhainní digiteacha ardcháilíochta a bhfuil bunús maith leo a áirithiú, go háirithe do dhaoine óga ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Ní foláir tionscnaimh litearthachta digití a chuimsiú i dtiomantas an Aontais don chuimsiú agus don chomhionannas, lena n-áiritheofar gur féidir le gach duine óg nascleanúint a dhéanamh go sábháilte sa timpeallacht ar líne agus scileanna smaointeoireachta criticiúla a bheith acu a chuirfidh ar a gcumas cinntí eolasacha a dhéanamh ar líne.

Chun institiúidí daonlathacha a neartú agus daoine óga eolasacha a chothú, tá gá le gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais araon. Tá tionscnaimh áirithe, mar shampla, an Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach (2021-2027), Treochlár 2030 maidir leis an oideachas digiteach agus scileanna amach anseo atá ar na bacáin, Straitéis an Aontais um Aontas na hUllmhachta, an Sciath Eorpach don Daonlathas agus Plean Gníomhaíochta an Aontais i gcoinne na Cibearbhulaíochta atá ar na bacáin, ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.

Mar sin féin, tá gá le bearta breise chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- scileanna smaointeoireachta criticiúla, scileanna digiteacha agus scileanna litearthachta sna meáin a thabhairt do dhaoine óga;
- rannpháirtíocht na hóige a spreagadh maidir le beartais náisiúnta agus beartais an Aontais a mhúnlú i gcoinne ionramháil faisnéise ar líne;
- ionstraimí láidre a fhorbairt ar leibhéal an Aontais chun feabhas a chur ar athléimneacht na hóige i gcoinne na bréagaisnéise.

I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar na hairí a marana a dhéanamh ar na treoircheisteanna seo a leanas. Iarraimid na hidirghabhálacha a choinneáil faoi bhun trí nóiméad ar a mhéad.

1. *Conas is féidir leis na Ballstáit na scileanna digiteacha, na scileanna smaointeoireachta criticiúla agus an litearthacht sna meáin is gá a thabhairt do dhaoine óga ar bhealach níos fearr chun measúnú a dhéanamh ar ábhar ar líne agus chun athléimneacht a chothú i gcoinne na bréagaisnéise agus na cúblála sa timpeallacht dhigiteach?*

2. *Ar leibhéal an Aontais, cad iad na hionstraimí agus na gníomhaíochtaí lenar féidir athléimneacht daoine óga i leith na bréagaisnéise agus na cúblála ar líne a fheabhsú, rannpháirtíocht dhearfach fhreagrach i dtaobh úsáid uirlisí digiteacha a chur chun cinn agus iad a ullmhú ar bhealach níos fearr do rannpháirtíocht dhaonlathach eolasach ghníomhach sa ré dhigiteach?*